An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

**Ciorclán 0001/2019**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna,
Pobalscoileanna, agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta
agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

**Saoire Speisialta do mhúinteoirí ar baill dheonacha iad in Eagraíochtaí Cuardaigh agus Tarrthála Saorálacha agus a nglaoitear amach ar Oibríocht Chuardaigh agus Tarrthála iad**

## 1. Réamhrá

1.1 Tugann an tAire Oideachais agus Scileanna, de bhun na cumhachta in Alt 24 den Acht Oideachais (arna leasú), treoir d'fhostóirí na rialacháin agus na nósanna imeachta a chur i bhfeidhm arna lua do mhúinteoirí cláraithe incháilithe atá fostaithe i bpoist mhúinteoireachta cheadaithe arna maoiniú ag airgead arna chur ar fáil ag an Oireachtas.

1.2 Tá feidhm leis na nósanna imeachta seo maidir le múinteoirí a fhaigheann tuarastal incriminteach faoi chonradh buan, tréimhse éiginnte, nó conradh téarma shocraithe (lena n-áirítear múinteoirí ionaid neamhócáideacha) faoi mar a shainmhínítear iad san Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003. Ní mór do gach múinteoirí cloí leis na téarmaí agus coinníollacha comhaontaithe mar a shloinntear iad.

## 2. Beartas Scoile/BOO maidir le Neamhláithreachtaí Múinteoirí

2.1 Meabhraítear d'fhostóirí, ag teacht leis an leabhar gréasáin "Téarmaí agus Coinníollacha Fostaíochta do Mhúinteoirí Cláraithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta" (atá le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne), go bhforbróidh agus go gcoinneoidh gach fostóir beartas maidir le neamhláithreachtaí múinteoirí lena n-áirítear saoire faoin gCiorclán seo, a bhaineann go sonrach le riachtanais údarás na scoile.

## 3. Cuspóir an Chiorcláin

3.1 Is é cuspóir an Chiorcláin seo údaráis bhainistíochta agus múinteoirí a chur ar an eolas faoi shocruithe saoire a d'fhéadfadh a bheith ceadaithe ag fostóirí le héifeacht ó 1 Eanáir 2019 do mhúinteoirí ar baill d'eagraíocht shaorálach chuardaigh agus tarrthála iad mar a liostaítear in alt 4.3 thíos agus a nglaoitear amach ar oibríocht chuardaigh agus tarrthála iad. Beidh an teidlíocht saoire faoin gCiorclán seo faoi réir athbhreithniú i rith na scoilbhlianta 2018/19 agus 2019/20.

**4. Socruithe Saoire**

4.1 Féadfar saoire speisialta le pá a dheonú do mhúinteoir ar ball d'eagraíocht shaorálach chuardaigh agus tarrthála mar a liostaítear iad in alt 4.3 thíos iad agus a nglaoitear amach ar oibríocht chuardaigh agus tarrthála iad, faoi réir ag ceadú ón bhfostóir agus ar an gcoinníoll go soláthraítear fianaise dhoiciméadach shásúil ar an nglao amach chomh luath agus is féidir i ndiaidh na hoibríochta tarrthála, ach tráth nach déanaí ná seachtain amháin i ndiaidh don mhúinteoir filleadh ar an obair {Tabhair ar aird: is amhlaidh seo lena chinntiú gur féidir an t-éileamh OLCS a phróiseáil ar bhealach tráthúil. Ní chuirtear saoire speisialta gan pá ar fáil do mhúinteoirí ar mian leo freastal ar chúrsaí oiliúna le heagraíochtaí saorálacha cuardaigh agus tarrthála.

4.2 Ní cheadófar níos mó ná 5 lá saoire speisialta le pá don chuspóir sin i scoilbhliain ar bith. Ríomhtar neamhláithreacht ar feadh cuid de lá scoile mar lá amháin neamhláithreachta chun críche na saoire seo.

4.3 D'fhonn leas a bhaint as saoire faoin gCiorclán seo, ní mór do mhúinteoir a bheith na bhall nó ina ball de cheann de na heagraíochtaí saorálacha cuardaigh agus tarrthála seo a leanas:

- Garda Cósta na hÉireann
- Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála
- Seirbhís Tarrthála Cladaigh Phobail
- Sábháilteacht Uisce na hÉireann
- Cumann Tarrthála Sléibhte na hÉireann

Ba cheart fianaise ar bhallraíocht a sholáthar don Scoil/don Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOO), nuair a iarrtar amhlaidh.

4.4 Ba cheart an neamhláithreacht a iontráil ar Chóras Éilimh Ar Líne (OLCS) na Roinne / ar an gcóras ábhartha BOO ar an ngnáthbhealach.

4.5 Íocfaidh an Roinn costais ionadaíochta don neamhláithreacht iomlán (faoi réir ag uasmhéid 5 lá in aghaidh an mhúinteora in aon scoilbhliain amháin).

**5. Doiciméadúchán a Choimeád/Cosaint Sonraí**

5.1 Ní mór don fhostóir an doiciméadúchán go léir a bhaineann le saoire faoin gCiorclán seo a choimeád leis na taifid phearsanra ábhartha agus i gcomhréir le beartas Cosanta Sonraí an fhostóra agus leis na Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Ba cheart go mbeadh gach taifead comhfhreagrach leis na sonraí arna n-iontráil ar an gcóras OLCS/ BOO ábhartha. Féadfaidh oifigigh ainmnithe na Roinne na taifid sin a roghnú lena n-imscrúdú.

**6. Scaipeadh agus Fiosrúcháin**

6.1 Déan deimhin de go gcuirtear a bhfuil sa Chiorclán seo in iúl do bhaill uile an Bhoird Bhainistíochta/an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus do gach múinteoir atá fostaithe agat, iad siúd atá ar shaoire neamhláithreachta san áireamh.

6.2 Is féidir rochtain a dhéanamh ar an gCiorclán seo ar láithreán gréasáin na Roinne faoi www.education.ie.

6.3 Ba cheart gach fiosrú faoin gCiorclán seo a chur chuig an bhfostóir (scoil/BOO) nó chuig an gcomhlacht bainistíochta ábhartha sa chéad ásc. Is féidir fiosruithe eile a chur tríd an ríomhphost chuig teachersna@education.gov.ie

Alfie Barrett
Príomhoifigeach
Téarmaí agus Coinníollacha Múinteoirí/CRS

Padraig Maloney
Príomhoifigeach
Rannóg Párolla

9 Eanáir 2019